An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 14 Nollaig 2018**
**(OR. en)**

**EUCO 17/18**

**CO EUR 22**
**CONCL 7**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (13 agus 14 Nollaig 2018)<br>– Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. AN CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL

1. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dianullmhúchán a rinneadh an seimeastar seo maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile agus tugann sí dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht. Iarrann sí ar an gcéad Uachtaránacht eile leanúint den obair sin agus cúrsa a fhorbairt don chéad chéim caibidlíochta eile le súil agus go mbainfear comhaontú amach ag an gComhairle Eorpach i bhfómhar na bliana seo chugainn (2019).

## II. AN MARGADH AONAIR

2. Tá an Margadh Aonair ar cheann d'éachtaí móra an Aontais Eorpaigh agus sochair dá réir tugtha aige do mhuintir na hEorpa. Is é an acmhainn is mó é dá bhfuil againn i dtaca le leas na saoránach, leis an bhfás cuimsitheach, agus le cruthú na fostaíochta a áirithiú; níl déanamh dá uireasa ag an infheistíocht ná ag an iomaíochas domhanda. Tá cúig bliana fichead caite anois ó bunaíodh é; ní mór dúinn bualadh ar aghaidh le gach gné de chlár oibre an Mhargaidh Aonair agus cur chuige réamhbhreathnaitheach a fhorbairt. Déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

– iarrann sí ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle teacht ar chomhaontú, roimh dheireadh an reachtais reatha, maidir le hoiread is féidir de na tograí sin atá ar feitheamh a bhaineann leis an Margadh Aonair. Is den tábhacht freisin go mbainfí gach bacainn gan údar, go háirithe i réimse na seirbhísí, agus go gcoiscfí bacainní nua agus baol na hilroinnte. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún leanúint dá anailís agus dá obair i ndáil leis sin;

– iarrann sí go ndéanfaí na cinntí a rinneadh agus na rialacha a glacadh a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar gach leibhéal rialtais, go seasfaí le caighdeáin, agus go n-áiritheofaí go gcuirfear i bhfeidhm go cliste prionsabail na rialála níos fearr, lena n-áirítear prionsabal na coimhdeachta agus prionsabal na comhréireachta;

– cuireann sí i bhfios go láidir nach mór tuilleadh a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh an Margadh Aonair ina bhonn ceart faoin Aontas Eorpach; go mbeidh aghaidh an Aontais sin ar an domhan mór gona dhúshláin iomadúla, go mbeidh muinín aige as féin, agus go mbeidh níos mó den uathriail aige;

- cuireann sí i dtreis nach mór don Mhargadh Aonair fabhrú chun gur féidir leis teacht i dtír ar an gclaochlú digiteach, lena n-áirítear an intleacht shaorga, ar theacht an gheilleagair sonraí agus gheilleagar na seirbhísí, ar an nascacht, agus ar an trasdul go geilleagar níos glaise;
- iarrann sí go neartófaí an comhleanúnachas le gach beartas gaolmhar.

3. De théisclim don chéad Chlár Oibre Straitéiseach eile, déanfaidh an Chomhairle Eorpach plé cuimsitheach in earrach na bliana seo chugainn ar an bhforbairt a dhéanfar amach anseo ar an Margadh Aonair agus ar an mbeartas digiteach Eorpach.

## III. AN IMIRCE

4. Thug an Chomhairle Eorpach aghaidh ar mar a cuireadh chun feidhme a beartas cuimsitheach i leith na himirce, beartas ina nasctar le chéile rialú níos éifeachtaí ar theorainneacha seachtracha an Aontais, breis den ghníomhaíocht sheachtrach, agus na gnéithe inmheánacha, i gcomhréir leis na conclúidí a ghlac sí i mí an Mheithimh agus i mí Dheireadh Fómhair 2018.

5. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haird go bhfuil laghdú tagtha ar líon na dtrasnuithe neamhdhleathacha teorann agus an líon sin anois mar a bhí sular thosaigh an ghéarchéim, agus é ag laghdú leis i gcaitheamh an ama. Is mar thoradh ar bheartas seachtrach imirce an Aontais gona Bhallstáit an laghdú sin, bunaithe go háirithe ar rialú na dteorainneacha seachtracha, ar an gcomhrac i gcoinne smuigléirí, agus ar an gcomhar le tíortha tionscnaimh agus idirthurais, a neartaíodh le míonna beaga anuas. Ní mór leanúint leis an mbeartas sin, é a fhorbairt a thuilleadh, agus é a chur chun feidhme go hiomlán. Is ceart súil ghéar a choinneáil i gcaitheamh an ama ar gach bealach dá bhfuil ann chun na hEorpa agus ar na bealaí sin nach ann dóibh fós, go háirithe i ngeall ar an méadú tráchta atá tagtha ar Bhealach na Meánmhara Thiar agus ar Bhealach na Meánmhara Thoir.

6. Maidir leis na beartais inmheánacha, iarrann an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí an chaibidlíocht maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach a thabhairt chun críche go gasta. Is díol sásaimh di an comhaontú ar thángthas air ar leibhéal na Comhairle ar an 6 Nollaig 2018 maidir le sainordú an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a fheabhsú i réimse an fhillte agus an chomhair le tríú tíortha. Iarrann sí freisin go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun an chaibidlíocht maidir leis an Treoir um Fhilleadh, maidir leis an nGníomhaireacht um Thearmann, agus maidir le gach cuid den Chomhchóras Eorpach Tearmainn a thabhairt i gcrích, go n-urramófaí na conclúidí éagsúla a ghlac an Chomhairle Eorpach roimhe seo, agus go gcuirfí san áireamh nach ar aon dul le chéile atá an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo i dtaca le gach aon cheann de na comhaid sin.

## IV. ÁBHAIR EILE

### *An caidreamh seachtrach*

7. Phléigh an Comhairle Eorpach an obair ullmhúcháin atá ar siúl don chruinniú mullaigh le Léig na Stát Arabach ar an 24 agus an 25 Feabhra 2019.

8. Is cúis mhór imní don Chomhairle Eorpach an géarú atá tagtha ar chúrsaí i gCaolas Kerch agus i Muir Mheoid agus sáruithe na Rúise ar an dlí idirnáisiúnta. Is mian léi a tiomantas a athdhearbhú don dlí idirnáisiúnta, do cheannasacht, iomláine chríochach, agus neamhspleáchas na hÚcráine, agus do bheartas an Aontais gan aitheantas a thabhairt don ionghabháil neamhdhleathach a rinneadh ar Leithinis na Crimé. Ní hinchosanta ar chúis ar bith an lámh láidir a bheith á himirt ag an Rúis. Iarrann an Chomhairle Eorpach go saorfaí láithreach na mairnéalaigh go léir sin de chuid na hÚcráine atá á gcoinneáil, go dtabharfaí ar ais gach soitheach a gabhadh, agus go dtabharfaí cead seolta trí Chaolas Kerch do gach long. Tá an tAontas ar inneall chun bearta a ghlacadh a threiseoidh a thuilleadh an tacaíocht atá á tabhairt ag an Aontas, go háirithe do na réigiúin sin san Úcráin atá buailte leis seo.

9. Is mór an díol sásaimh don Chomhairle an vóta dearfach a caitheadh i bParlaimint na hEorpa ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin, agus is fada léi go dtaga sé i bhfeidhm gan mhoill.

### *An t-athrú aeráide*

10. Ag eascairt as an Teachtaireacht ón gCoimisiún "Pláinéad Glan do Chách", agus i bhfianaise an toraidh a bhí ar COP24 in Katowice, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle díriú ar na heilimintí sin a leagadh amach sa teachtaireacht. Cuirfidh an Chomhairle Eorpach treoir ar fáil maidir leis an treo foriomlán agus na tosaíochtaí polaitiúla sa chéad seimeastar den bhliain seo chugainn (2019) ionas go mbeidh ar chumas an Aontais straitéis fhadtéarmach a thíolacadh faoin mbliain 2020 i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

***Slándáil agus cosaint***

11. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun cinn a rinneadh i réimse na slándála agus na cosanta, lena n-áirítear i gcur chun feidhme an Bhuanchomhair Struchtúrtha, i bhfeabhsú na soghluaisteachta míleata, i gcur chun feidhme an Chláir Eorpaigh Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta agus sa chaibidlíocht maidir leis an gCiste Eorpach Cosanta atá beartaithe. Formhuiníonn sí comhshocrú sibhialtach CBSC. Cuireann na tionscnaimh sin le feabhsú an neamhspleáchais straitéisigh san Aontas agus lena chumas gníomhú mar sholáthraí slándála. Ag an am céanna, déanann siad gníomhaíochtaí ECAT a chomhlánú agus a threisiú, an comhar idir an tAontas agus ECAT a neartú, agus prionsabal na cuimsitheachta, prionsabal na cómhalartachta, agus neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais a urramú ina n-iomláine.

***An bhréagaisnéis***

12. Is mór agus is cleasach an dúshlán do chórais dhaonlathacha an domhain scaipeadh na bréagaisnéise – í córasach, toilghnústa, agus ar mórscála – lena n-áirítear a ról sa chogaíocht hibrideach. Freagairt phráinneach is dlite, nach mór a shíorchothú, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha. Déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

– cuireann sí i bhfios go láidir go dteastaíonn freagairt dhiongbháilte lena dtabharfar aghaidh ar na gnéithe inmheánacha agus seachtracha, í cuimsitheach comhordaithe, agus na hacmhainní cuí ar fáil di ar bhonn measúnú ar bhagairtí;

– iarrann sí go ndéanfaí an Plean Gníomhaíochta Comhpháirteach maidir le bréagaisnéis, a thíolaic an Coimisiún agus an tArdionadaí, a chur chun feidhme go pras agus ar bhealach comhordaithe ionas go gcuirfear le hacmhainní an Aontais, go ndéanfar freagraí comhordaithe agus comhpháirteacha idir an tAontas gona Bhallstáit a neartú, an earnáil phríobháideach a shlógadh agus athléimneacht na sochaí ar an mbréagaisnéis a mhéadú;

– iarrann sí go ndéanfaí beart cinntitheach gan mhoill ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta araon chun a áirithiú go mbeidh toghcháin shaora chóra Eorpacha agus náisiúnta ann.

13. Iarrtar ar an gComhairle leanúint den obair maidir leis an tsaincheist seo agus tuairisciú don Chomhairle Eorpach i mí an Mhárta 2019.

***An comhrac i gcoinne an chiníochais agus na seineafóibe***

14. Cáineann an Chomhairle Eorpach gach cineál frith-Sheimíteachais, ciníochais agus seineafóibe, agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé an éadulaingt a chomhrac. Is díol sásaimh di gur glacadh, ar an 6 Nollaig 2018, an Dearbhú ón gComhairle maidir leis an gcomhrac i gcoinne an fhrith-Sheimíteachais.

***Comhphlé leis na Saoránaigh agus Comhairliúchán le Saoránaigh, agus an Obair Ullmhúcháin don Chlár Oibre Straitéiseach***

15. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach go ndearnadh Comhphlé leis na Saoránaigh agus Comhairliúchán le Saoránaigh a reáchtáil, deis gan fasach dul i mbun plé le saoránaigh na hEorpa, a d'fhéadfadh a bheith ina spreagadh do chomhairliúchán agus do comhphlé breise amach anseo. Sa tuarascáil chomhpháirteach a d'ullmhaigh an Uachtaránacht reatha agus an chéad Uachtaránacht eile, agus sna tuarascálacha náisiúnta éagsúla agus san ionchur a fuarthas ó na hinstitiúidí Eorpacha eile, sainaithnítear roinnt de na hábhair atá ag dó na geirbe ag na saoránaigh a ghlac páirt san obair sin agus ar an méid lena bhfuil a ndréim ó thaobh torthaí nithiúla ón Aontas Eorpach de. Ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bheidh acu in Sibiu ar an 9 Bealtaine 2019, pléifidh na Cinn Stáit nó Rialtais na tosaíochtaí don chéad timthriall institiúideach eile, le súil agus go dtiocfar ar chomhaontú maidir leis an gcéad Chlár Oibre Straitéiseach eile i mí an Mheithimh 2019.